Ceapacha ardaithe, cosáin, comharthaí don gharraí a dhéanamh

Tráth Bliana

Is féidir é seo a dhéanamh am ar bith den bhliain (Meán Fómhair – Márta más féidir).

An bhaint le gnéithe eile den churaclam

OSIE:	Dúile beo, feasacht agus cúram imshaoil.
Mata:	Tomhais, measúnacht, cuntas, foghlaim ghníomhach.
Ealaín:	Sceitseáil, pleanáil, mapáil, cruthaitheacht, ag déanamh comharthaí.
Litearthacht:	Litriú, scríbhneoireacht, léamh, focail nua, cumarsáid.
OSPS:	Foghlaim ghníomhach.
Corpoideachas:	Comhordú, gníomhaíocht choirp.
Curaclam Neamhfhoirmiúil:	Scoileanna Glasa, Discover Primary Science, Food Dudes.

Tugann roinnt scoileanna isteach na tuismitheoirí sa chuid seo don tionscadail.

1 Ceapacha ardaithe a thógáil & cosáin a dhéanamh

Tá buntáistí le ceapacha ardaithe seachas a bheith ag cur glasraí ar thalamh réidh.

- Is gnéithe buana agus sainithe iad agus nuair atá siad tógtha, is féidir leis an rang a n-aird a dhíriú ar bhia a chur.
- Tá níos mó ithreach iontu chun ligean do fhréamhacha forbairt.
- Imíonn an t-uisce astu.
- Faigheann an ithir bogthé go luath san earrach.
- Tá siad éasca le dul chucu – níos lú lúbadh/cromadh i gceist.
- Is féidir iad a dhéanamh oiriúnach do chathaoir rothaí.
- Bíonn sé soiléir do na páistí cén áit a bhfuil orthu a bheith ag obair.
- Bíonn cosáin gairbhéil nó móta coirte ann ionas gur féidir dul go dtí an garraí ar feadh na bliana.

2 An Rang a bhainistiú

Ba cheart do dhuine fásta an foleagan do na cosáin a ghearradh. Is fearr oibriú i ngrúpaí beaga don jab seo. Bheadh grúpaí de suas le deich leanbh i ngach aois grúpa feiliúnach. Bheadh cuid de na gasúir is sine in ann an gairbhéal/móta coirte a chur isteach sna baraí rotha le lánta/liáin agus é a thabhairt anonn go dtí na cosáin. Bheadh cuid den ghrúpa in ann é a scaradh amach ansin le rácaí. Má tá leanaí níos óige páirteach, is féidir leo liáin a úsáid chun potaí a líonadh agus é a scaradh ar an bhfoleagan.

3 Tionscadal Taighde

Stair & Oidhreacht Áitiúil

– céard is iomaire ann?

Focal nua

CÉARD É CEAPACH ARDAITHE DE DHÉANAMH PHOLL EOCHRACH?



Ceapacha ardaithe, cosáin, comharthaí don gharraí a dhéanamh ar lean.

Cuspóir

Sraith ceapach ardaithe a thógáil do gharraí bláthanna agus glasraí na scoile.

- Go hiondúil tógtar ceithre cheapach ar a laghad chun gur féidir uainíocht a dhéanamh ar na príomh-fhinte glasraí.
- Bíonn ceapach do gach rang sa scoil ag cuid de na scoileanna.
- Ba cheart d'áit na nglasraí a bheith i bpáirt ghrianmhar den scoil mar go mbeidh sé seo níos teo agus níor cheart dó a bheith lonnaithe ag bun fána, in áit fhliuch ná faoi scáth crainn shíorghlais dhorcha.
- Má tá plean déanta agat de thailte na scoile beidh tuairim mhaith agat cá bhfuil an suíomh is fearr.
- Déanann roinnt scoileanna fál (adhmad/sonnach nó as saileach bheo) chun áit na nglasraí a chosaint ó chlós na scoile nó ón bpáirc peile. Is féidir é seo a dhéanamh níos déanaí.
- Déan ceapach amháin ar a laghad 1m/3 troigh ar airde, mar cheapach a bheidh oiriúnach do chathaoir rothaí – is féidir leis seo a bheith 3 phlanc ar airde.

4 Cén chaoi le ceapacha ardaithe a thógáil

- Déan plean do dhearadh an cheapaí.
- Tomhais an méid adhmaid a theastaíonn.
- Gearr an saghas ceart agus cuir le chéile le tairní iad.
- Cuir píosa cairtchláir nó páipéir nuachta fhliuch ag an mbun mar go gcabhraíonn sé seo fáil réidh le haon fhéar atá ann (tá sé seo roghnach).
- Líon isteach le sraitheanna malartacha d'aoileach/múirín agus barrithir nó an ithir atá tú a thochailt timpeall na gceapach le cosáin a dhéanamh. Ná tochail ró-dhomhain mar go bhféadfadh sé locháin uisce a dhéanamh sna cosáin.
- Is féidir cur le torthúlacht na gceapacha thar na mblianta trí mhúirín breise a chur orthu.



5 Patrúin ng gCeapach Ardaithe - Roghanna

Rogha 1: Ceapacha ardaithe i gcruth na gréine – leo seo tá an cheapach sa lár i gcruth heicseagánach le hocht gceapach ag síneadh amach uaidh – is féidir leo seo a bheith fad iomlán nó deighilte suas le bheith níos éasca dul acu (mar atá le feiceáil ar an DVD i ngarraí scoile Dhomhnach Míde).

Option 2: Ceapacha ardaithe le línte agus cruthanna rialta. Feileann siad seo do gharraithe scoile a théann le fána (mar atá le feiceáil ar an DVD i scoil Bhaile Átha Fhirdhia).

Rogha 3: Ceapacha ardaithe mar a bheadh poll eochrach ann – seo ceapacha a bhfuil bealach isteach go dtí an lár trí chosán lárnach, rud a chiallaíonn go bhfuil bealach isteach chuig gach taobh de ó lár na ceapaí. Is féidir na taobhanna a thógáil le hadhmad freisin.

NÓTAÍ:

- Cosúil le gach rud a bhaineann le garraíodóireacht, braitheann an bealach a dtógann tú do chuid ceapacha ar an suíomh atá agat.
- Is é an treoir ghinearálta ná mura bhfuil mórán ithreach agat go dtógann tú an chreatlach adhmaid, agus ansin cuireann tú na sraitheanna leis. Beidh ort tuilleadh barrithreach, aoiligh/múirín a thabhairt isteach.



Ceapacha ardaithe, cosáin, comharthaí don gharraí a dhéanamh ar lean.

6 Na hacmhainní a theastaíonn le ceapacha ardaithe a dhéanamh

Adhmad

Is féidir seanadhmad scafaill nó dramh-adhmad a úsáid, nó má tá tú ag ceannach an adhmaid déan iarracht adhmad a fháil nach bhfuil cóireáilte le ceimiceáin. Braitheann an méid a theastaíonn ar an líon ceapach atá tú a dhéanamh agus an méid a bheidh iontu – is smaoineamh maith é gan na ceapacha a dhéanamh níos leithne ná 1 – 1.5 méadar sa chaoi go mbeidh sé éasca dul acu ón dá thaobh. Mar shampla, d'fheilfeadh planc a bheadh 23 cm ar airde x 5 cm tiubh.

Rogha eile ná an cheapach a dhéanamh mar a bheadh poll eochrach, sin ceapach mór le bealach isteach go dtí an lár tríd an 'an bpoll eochrach'.

Má bhíonn tú ag tochailt amach na hithreach (cosúil leis na hiomairí traidisiúnta) teastóidh;

- sreangán agus craobhóga leis na ceapacha a mharcáil.
- uirlis tomhais le fad a thomhais.
- baraí roth.
- barrithir (ní gá é seo i gcónaí).
- lánta, sluaistí agus liáin.
- lán leantóra d'aoileach/feamainne (ó thuismitheoir nó ó fheirmeoir/stábla capaill áitiúil) agus páipéar nó cairtchlár fliuch (roghnach).
- tairní 10cm agus casúr, sábh láimhe.
- miotóga.
- plaisteach dubh nó cairtchlár & tuí / aoileach / feamainn / múirín chun an cheapach a chlúdach mura bhfuil rud le cur ann – oibríonn sé mar mhóta chun é a choinneáil glan ó shalachar.

7 Cén chaoi leis na cosáin a dhéanamh

- Déan cinnte go bhfuil siad ar a laghad 1m ar leithead le go mbeidh siad oiriúnach do chathaoir rothaí agus do bhara rotha.
- Déan cinnte go bhfuil an talamh chomh réidh agus is féidir sula gcuirtear síos na cosáin.
- Leag síos an foleagan ar na cosáin agus gearr é le go bhfeilfeidh sé fad agus leithead an spáis.
- Brú na himill isteach faoi imill adhmaid na gceapach ardaithe. Cabhróidh sé seo cosc a chur ar shalachar fás ag imill na gceapach.
- Clúdaigh le 5 –10 cm de ghairbhéal nó de mhóta coirte. Is féidir é seo a dhéanamh le ranganna níos óige le potaí/potaí iógairt, liáin agus miotóga agus baraí rotha.

8 Na hacmhainní a theastaíonn le cosáin a dhéanamh

Is féidir cosáin a dhéanamh le hábhair éagsúla cosúil le gairbhéal agus móta coirte.

- Lán leantóra de ghairbhéal nó de mhóta coirte nó tuí.
- Foleagan don ghairbhéal (déanfaidh sean chairpéid athchúrsáilte, mypex nó lomra geo-teicstíle).
- Lánta nó sluaistí & ráca.
- Baraí rotha.
- Miotóga.
- Potaí/potaí iógairt, liáin – do na bunranganna.

Ceapacha ardaithe, cosáin, comharthaí don gharraí a dhéanamh ar lean.

9

Ag déanamh comharthaí don gharraí

Seo ceann de na tionscadail is tábhachtaí ó thaobh an oideachais de. Cuireann comharthaí in iúl an bia, na plandaí agus na gnáthóga atá sa gharraí agus déanann siad Seomra Ranga Beo den spás sin.

Má tá tú ag iarraidh airgead a chaitheamh ar chomharthaí a fháil déanta, tabhair tús áite do na gnéithe & gnáthóga buana atá sa gharraí. Is féidir na glasraí, luibheanna agus bláthanna a dhéanamh ar bhonn bliantúil mar chuid den ealaín, den litearthacht agus den chumarsáid.

10

Na hacmhainní a theastaíonn le comharthaí a dhéanamh

Déan athchúrsáil ar fhuíollábhair a mhéid agus is féidir (mar chuid de Thionscadail Athchúrsála na Scoileanna Glasa b'fhéidir)

- Sclátaí, adhmad nó brait phlaisteacha.
- Adhmad le cuaillí a dhéanamh le comharthaí a chrochadh orthu.
- Tairní & casúr nó scriúnna & druilire.
- Péint/scuaba péinte (is féidir cailc a úsáid freisin ach imeoidh sé sa bháisteach).
- Vearnais neamhthocsaineach le comharthaí uiscedhíonach a dhéanamh.